# LÁ GAIRME CHOIS FHARRAIGE 2024

**Bhí an-lá againn ag Óstán Chois Fharraige Dé hAoine seo caite ag foghlaim agus ag fiosrú maidir le deiseanna fostaíochta ar leic an dorais, i gCois Fharraige. Tháinig thart ar 100 dalta, de chuid na Sraithe Sinsearaí, ó Choláiste Cholmcille agus Coláiste Chroí Mhuire chomh fada leis an óstán lena bhfiosrúcháin féin a dhéanamh, ag caint agus ag plé cúrsaí oibre agus fostaíochta le breis is scór go leith ionadaí ó eagraíochtaí agus comhlachtaí áitiúla. Ár mbuíochas leis na hionadaithe ó na heagraíochtaí seo a bhí linn a thug a gcuid ama go fial flaithiúil le roinnt ama a chaitheamh le haos óg an cheantair len' iad a spreagadh agus a mhealladh! Bhí meascán iontach d'earnálacha i láthair chomh maith - idir na healaíona, bitheolaíocht/bithéagsúlacht, leigheas, na seirbhísí poiblí, tógáil, fáilteachas agus neart eile nach iad. Maidin fhiúntach, shuimiúil agus thaitneamhach a bhí inti!**












# SLÁN LE KATIE

Beidh Katie Ní Loingsigh ag fágáil a cuid cúraimí mar Oifigeach Pleanála Teanga i gCois Fharraige le dul i mbun oibre i bpost nua. Ceithre bliana ó shin go díreach a thosaigh Katie ag feidhmiú sa gceantar, an chéad duine a d'fhostaigh an chuideachta nua-bhunaithe Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Ní raibh sí ach cúpla lá ina post nuair a fógraíodh an dianghlasáil a spreag an phaindéim, ach in ainneoin na ndúshlán mhóra a cruthaíodh dá bharr, d'éirigh le Katie tús láidir a chur le hobair an Fhóraim, spriocanna an Phlean Teanga a chur i láthair an phobail, eagrais a chur ar an eolas faoi thacaíochtaí an Fhóraim, córais oibre a leagan síos agus le tacaíocht ó Aoife Ní Chonghaile, an tOifigeach Cúnta a ceapadh i samhradh 2020 tá feidhmiú Phlean Teanga Chois Fharraige ag dul chun cinn go feiceálach. Is cinnte go n-aireoidh pobal Chois Fharraige uathu Katie agus guíonn muid ar fad chuile rath uirthi sa gcéad chéim eile dá haistear gairme.

# CORN UÍ CHON CHEANAINN

Reachtálfar Corn Uí Chon Cheanainn ar an 9 Márta. Comórtas amhránaíochta ar an sean-nós atá ann, i gcumhne ar Chiarán Ó Con Cheanainn, an t-amhránaí ó Saile Chuanna i gCois Fharraige, a bhásaigh mí Feabhra 2009, tar éis dó Corn Uí Riada a bhuachan ag Oireachtas na Gaeilge 2008 i gCorcaigh. Bá é an duine ba óige a chroch leis Corn Uí Riada agus bhí sé ag gabháil do PhD ag an am. Aríst i mbliana beidh an comórtas á reáchtáil in Ollscoil na Gaillimhe agus déanfar beoshruthú air ar an leathanach Facebook 'Corn Uí Chon Cheanainn'. Glacfar le hiarratais ó mhic léinn tríú leibhéal go dtí Dé hAoine, 1 Márta.

